Tuilleadh eolais:
EirGrid.ie/Wicklow

# Cill Mhantáin a Chumhachtú

## Tionscadal Treisithe Chill Mhantáin Thuaidh
## Eolas don Phobal, Meitheamh 2026

### Cé hiad EirGrid agus cad a dhéanaimid?

Is cuideachta faoi úinéireacht an stáit é EirGrid a fhorbraíonn, a bhainistíonn agus a oibríonn eangach leictreachais na hÉireann. Táimid freagrach as soláthar sábháilte, slán, agus iontaofa leictreachas na hÉireann. Tá EirGrid i mbun an eangach leictreachais a athrú ó bhonn, le huasghráduithe agus feabhsuithe ag tarlú fud fad Chill Mhantáin agus na hÉireann.

### Cad atá i gceist le Cill Mhantáin a Chumhachtú?


Is tionscadal d'oibreacha ríthábhachtach é Cill Mhantáin a Chumhachtú lena neartófar príomhbhonneagar leictreachais i gContae Chill Mhantáin agus sa cheantar máguaird.
Leis sin, cuideofar lena chinntiú go mbeidh an réigiún agus Éire 'réidh le haghaidh foinsí in-athnuaite' agus cuirfear feabhas ar an toilleadh fuinnimh i gceann de na réigiúin is mó fáis sa tír.

Tá an bonneagar leictreachais atá i gCill Mhantáin Thuaidh i mbaol teorainn a thoillte a bhaint amach. Chun aghaidh a thabhairt ar an riachtanas sin, tá gá le bonneagar nua chun soláthar leictreachais sábháilte, iontaofa agus inbhuanaithe a chinntiú do phobail, cónaitheoirí, scoileanna agus gnólachtaí sa cheantar, chomh maith le cuidiú leis an tír a spriocanna fuinnimh inbhuanaithe a bhaint amach.

Mar chuid den aistriú ollmhór fuinnimh seo, agus chun freastal ar an méadú reatha ar an éileamh, tá EirGrid ag forbairt tuilleadh pleananna chun freastal ar riachtanais na bpobal agus na ngnólachtaí i gCill Mhantáin. Tá an méadú ar an éileamh á spreagadh ag roinnt earnálacha, lena n-áirítear:

- comhtháthú na nasc fuinnimh in-athnuaite;
- forbairt tráchtála agus thionsclaíoch;
- tithíocht chónaithe; agus
- leictriú teasa (teaschaidéil) agus iompar (feithiclí leictreacha agus iompar poiblí); agus comhtháthú na nasc fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta.

Chun an t-éileamh seo a shásamh, beidh gá le bonneagar nua leictreachais chun go mbeidh an eangach in ann leictreachas a sheoladh chuig an áit a bhfuil gá leis.





## Cad atá i gceist le Tionscadal Treisithe Chill Mhantáin Thuaidh?

Leis an tionscadal seo, déanfar an eangach leictreachais i gCill Mhantáin Thuaidh a threisiú, lena gcinnteofar go mbeidh toilleadh leordhóthanach ar fáil don mhéadú a thiocfaidh ar an éileamh amach anseo. Féachfaidh Tionscadal Treisithe Chill Mhantáin Thuaidh le fostáisiún nua 220/110 kV agus fostáisiún 110/38 kV/MV eile a thógáil i ceantar na gCloch Liath/Dheilgne, mar aon le cáblaí nasctha gaolmhara.

Tá an tionscadal ag Céim 3 de Chreat EirGrid i ndáil le Forbairt Eangaí faoi láthair, ag súil leis an rogha teicneolaíochta is fearr a chinneadh chun dul i ngleic leis an ngá seo agus na ceantair a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach chun an bonneagar riachtanach a óstáil i gCill Mhantáin Thuaidh a shainaithint.

## Cad atá ag tarlú anois?

Tá sé beartaithe cheana féin gurb é fostáisiún Lascthrealamh Gásinslithe (GIS) an rogha teicneolaíochta is fearr don dá fhostáisiúin seo. Tá EirGrid ag fiosrú roghanna suímh faoi láthair don dá fhostáisiún GIS nua laistigh den limistéar staidéir a léirítear ar an léarscáil thíos. Táimid i mbun comhairle freisin leis an údarás áitiúil agus le páirtithe leasmhara teicniúla a bhfuil bonneagar sa cheantar acu le linn an phróisis seo.

## Na chéad chéimeanna eile

Tá EirGrid tiomanta do phobail a chur i gcroílár a gcuid oibre. I gcomhréir leis an tiomantas seo, coinneoimid ar an eolas tú an t-am ar fad de réir mar a chuirimid ár gcuid pleananna chun cinn agus éistfimid le haiseolas uait de réir mar a neartaímid an eangach i do cheantar. Is féidir cuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin an tionscadail www.EirGrid.ie/Wicklow don nuacht is déanaí agus chun teacht ar bhreis eolais maidir leis an gclár Cill Mhantáin a Chumhachtú.


Beidh EirGrid i gcomhairle le pobail, úinéirí talún agus gnólachtaí áitiúla go luath maidir leis an tionscadal bonneagair ríthábhachtach seo i gCill Mhantáin Thuaidh. Is é sin an chéad chéim san aistear seo ina n-inseoimid duit faoinár gcuid pleananna.

Má bhíonn aon cheisteanna nó ábhar imní agat, is í Liz Dillon an tOifigeach Idirchaidrimh don Phobal (CLO) atá ag obair ar an gclár Cill Mhantáin a Chumhachtú.




**Liz Dillon**
Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal
Liz.Dillon@EirGrid.com
087 188 7982

EirGrid, An tUbhchruth,
Baile Átha Cliath 4, D04 FW28




CARBON BALANCED PAPER
WORLD LAND TRUST™
www.carbonbalancedpaper.com
CBP002856